An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar Ghaeilge
TUAIRISC

Coláiste Mhuire
Bóthar Naoimh Mhuire, Gaillimh
Uimhir Rolla: 62980N

Dáta na cigireachta: 6 Aibreán 2011

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	5 & 6 Aibreán 2011
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith ceithre thréimhse ranga. • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí modheolaiochtaí eiseamláireacha maraon le cur chuigí maithe teagaisc agus foghlama in úsáid i bhformhór mór na gceachtanna.
- Tá modhanna mhaithe forbartha don mheasúnú múnlaitheach agus coimreach.
- Tá an soláthar don Ghaeilge sa tráthchláir an-sásúil.
- Déantar na scoláirí a shruthú don Ghaeilge de réir leibhéil sna scrúdaithe Stáit tar éis Nollag na chéad bhliana.
- Bhí obair an-mhaith déanta ag an roinn i ngnéithe áirithe den phleanáil do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- B'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar scoláirí a shruthú chomh luath sin ina gcuid oideachais iar-bhunscoile.
- Bheadh sé níos tairbhí an cur chuige comhtháite déanta go téamach a bheith in úsáid do na pleananna curaclaim go léir agus plean gnímh a dhearadh chun forbairt straitéiseach na roinne a threorú.

RÉAMHRÁ

- Is méanscoil do bhuachaillí é Coláiste Mhuire le 428 scoláirí cláraithe don scoil bhliain reatha. Tagann buachaillí ó cheithre bhunscoil is fiche in abhantrach chathair na Gaillimhe agus ó pharóistí laismuigh den chathair. Cuirtear cláir na hIdirbhliana ar siúl mar chlár roghnach nuair a bhíonn éileamh air.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí teicnící eiseamláireacha maraon le cur chuigí maithe teagaisc agus foghlama in úsáid i dtromlach na gceachtanna.

- I measc na modheolaíochtaí ab eifeachtaí bhí cothromaíocht mhaith idir obair uile ranga agus foghlaim ghníomhach na scoláirí, bhí comhtháthú téamach déanta ar na ceithre mhór scil teanga, agus tugadh faoi obair chuimsitheach roimh do na scoláirí na scileanna a chur i gcrích.

- Cruthaíodh formhór mór na múinteoirí deiseanna cumarsáideacha fiúntacha do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha, idir ghinchumais agus ghabhchunais a chleachtadh, i gcaitheamh na ranganna.

- Bhí ionchais arda foghlama ag na múinteoirí i dtromlach na gceachtanna ó thaobh saibhriú foclóra, cruinnis teanga, cumais fhoghraíochta agus urlabhraíochta.

- Rinne na múinteoirí go léir an-iarracht na scoláirí ba mhó a spreagadh a bheith rannpháirteach sna ceachtanna agus tugadh an-dearbhú i gconaí dá n-iarrachtaí.

- Baineadh úsáid as straitéisí éifeachtacha i mórán gach ceacht maidir le húsáid na sprioctheanga. Rinneadh simpliú maith ar an nGaeilge le cabhair ó gheáitsíochtaí, ó ghothaí gnúise agus ó mhodhanna físiúla eile. Bhí clárú maith, soiléir ordaithe in úsáid agus baineadh úsáid tairbheach as TFC a chur go dearfach leis an bhfoghlaim.

- Ba shunantasach an ghrúpáil agus an athdhaingniú a bhí déanta ar fhoclóir i bhformhór mór na gceachtanna. Is straitéisí foghlama iad seo a chabhraíonn go mór le fadchuimhne na scoláirí ar an bhfocloir agus ar fhuaim na bhfocal.

- Bhí Gaeilge úsáideach ar taispeáint i mórán gach seomra ranga. B'fhiú go mór cur leis an gcur chuige seo. I seomra ranga amháin, bhí liosta na dtopaice do na bliain ghrúpaí eagsúla ar chairteacha agus dul chun cinn na mbliain ghrúpaí le feiceáil go soiléir orthu ar mhaithe le neamhspleáchas na bhfoghlaimeoirí a chothú.

- Bhí modhanna maithe in úsáid ag an roinn chun measúnú múnlaitheach a dhéanamh ar fhoghlaim na scoláirí. Tuairiscíodh go mbaintear úsáid as teicnící mheasúnú chun foghlama. Ba leir ón sampla randamach d'obair na scoláirí sna cóipleabhair go bhfuil scóip ann tuilleadh forbartha a dhéanamh sna réimsí seo, san aiseolas scríofa a chuirtear ar fáil do na foghlaimeoirí ach go háirithe.

- I ndialann obairbhaile na scoláirí a bailíodh go randamach, ba léir go raibh obairbhaile á thabhairt go rialta ach bhí an iomarca béime ar thascanna scríofa agus ar an fhoghlaim de ghlan mheabhair. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas seo.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an soláthar atá curtha ar fáil don Ghaeilge an-sásúil ó thaobh uimhir agus dáileadh na dtréimhsí ranga sa chlár ama agus maidir leis na socruithe atá ann do scoláirí athrú ó leibhéal amháin go leibhéal níos feiliúnaí.

- Eagraítear na scoláirí de réir grúpaí ilchumais go dtí Nollag na chéad bhliana. Déantar na scoláirí a shruthú ansin de réir leibhéil sna scrúdaithe Stáit. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar scoláirí a shrúthú chomh luath sin ina gcuid oideachais iar-bhunscoile.

- Tá réimse maith imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim curtha ar fáil do scoláirí a chuireann go mór le ceann d'aidhmeanna na roinne a chur i gcrích: 'naisc a chruthú leis an teanga bheo fheidhmiúil'.

- Áirítear dhá dhéag faoin gcéad de mhóriomlán na scoláirí a bhfuil faomhadh tugtha ag an scoil dóibh maidir le díolúine ón nGaeilge de réir fhorálacha Imlitir M10/94. Tugadh le fios gur scoláirí a bhfuil deacrachtaí aitheanta foghlama iad leath dóibh agus gur scoláirí nach bhfuair a gcuid scolaíochta sa Stát an leath eile. Tugadh le fios don chigire go bhfuil dúbailt tagtha ar uimhir na scoláirí ag teacht chun na scoile le díolúine ón nGaeilge acu le cúig bliana anuas. B'ábhar imní é seo don phríomhoide.

- Tá áiseanna maithe sa scoil, áiseanna theicneolaíocht na faisnéise agus cumarsáide (TFC) san áireamh. Tá acmhainní teagaisc agus foghlama forbartha ag an roinn agus déantar iad a roinnt idir baill na foirne. Is an roinn ag cur lena bhfearais tacaíochta don Ghaeilge, beidh na liostaí acmhainní atá ar shuíomh na Seirbhíse Tacaíochta don Dara Leibhéil (STDL) don Ghaeilge agus suíomh www.cogg.ie úsáideach mar phointí tagartha.

- Tá fíor bheagán Gaeilge le feiceáil i dtimpeallacht na scoile. Moltar don scoil athbhreithniú a dhéanamh ar an nósmhaireacht seo chun stádas na teanga a ardú i measc comhpháirtithe iomlán na scoile.

- Tá córais mhaithe forbartha ag an scoil don measúnú coimreach. Baintear úsáid as scrúdaithe comónta agus cuirtear na ceithre mhór scil teanga san áireamh sna scrúdaithe tí a dhéantar ar gach scoláire faoi dhó le linn na scoil bhliana.

- Déanann an bhainistíocht anailís agus an rianú ar na torthaí a ghnóthaíonn na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta. Luaitear mar mholadh go gcuirfeadh an roinn féin an anailís seo i gcomparáid leis na meán torthaí náisiúnta ar bhonn bliantúil.

- Is céimithe le Gaeilge iad formhór mór na múinteoirí atá ag múineadh na Gaeilge agus freastal maith déanta ag céatadán maith den fhoireann ar chúrsaí de chuid na STDL don Ghaeilge. Moltar go roinnfear an fhaisnéis a scaiptear ag na cúrsaí ar gach ball den fhoireann. Moltar freisin go mbeadh deis ag gach muinteoir le céim sa Ghaeilge an teanga a mhúineadh sa dá thimthriall agus ag leibhéil difriúla.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá bonn foirmeálta faoi roinn na Gaeilge agus comhordaitheoir ceaptha. Ní choiméadtar taifead ar mhórchinntí a dhéantar ag cruinnithe téarmúla de chuid na roinne ná ní dhéantar ról an chomhordaitheora a rothlú ag am aontaithe ar bhaill na foirne. Bheadh sé tairbheach athbhreithniú a dhéanamh ar seo.

- B'fhiú freisin tosaíochtaí forbartha na roinne a aithint ar mhaithe le treoir a thabhairt ar dhul chun cinn straitéiseach na roinne.

- Is inmholta an bhéim atá leagtha i gcuspóirí na roinne ar an éirim mhothúchánach chun na scoláirí a chumasú a bheith ar a gcompord mar chainteoirí Gaeilge. Moltar na cuspóirí teagaisc agus foghlama seo a úsáid mar táscairí feidhmíochta sa phróiseas pleanála. Bheadh sé tairbheach sonraithe eagrúcháin na roinne a thaifead agus treoracha don obairbhaile a fhorbairt a thugann aitheantas do na ceithre scil teanga agus an obair seo a dhéanamh laistigh den pholasaí cumsitheach iomláin scoile don obair bhaile.

- Bhain caighdeán an-mhaith leis na pleananna curaclaim do na bliainghrúpaí eagsúla, seachas plean na hIdirbhliana. Bhí an obair is fearr sna pleananna sóisearacha ina raibh na ceithre mhór scil teanga agus gnéithe difriúla do na cúrsaí á laithriú i mbealach comhtháite de réir topaice. Moltar an cur chuige seo do na pleananna sinsearacha freisin, plean na hIdirbhliana san áireamh. Bheadh sé tairbheach cur síos a dhéanamh ar na hacmhainní teagaisc agus foghlama agus ar na modhanna meaúnaithe mar chuid de gach plean.

- Bhí pleanáil agus ullmhúchán d'ardchaighdeán déanta d'fhormhór mór na gceachtanna a breathnaíodh i gcaitheamh na cigireachta.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt

Foilsithe Eanáir 2012